



AERIOMPAR: SLÁNDÁIL NA HEITLÍOCHTA SIBHIALTA

Is ann don tslándáil eitlíochta (níor cheart í a mheascadh suas leis an tsábháilteacht eitlíochta^[1]) chun gníomhartha mailíseacha in aghaidh aerárthaí agus a gcuid paisinéirí agus a bhfoirne a chosc. Tar éis ionsaithe uafásacha 2001, ghlac AE sraith rialacha slándála chun an eitlíocht shibhialta a chosaint. Tugtar na rialacha sin cothrom le dáta go rialta chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí atá ag teacht chun cinn. Forchoimeádann na Ballstáit an ceart bearta níos déine a chur i bhfeidhm.

AN BUNÚS DLÍ

Airteagal 100(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

CUSPÓIRÍ

Is é is aidhm don tslándáil eitlíochta gníomhartha cur isteach neamhdhleathaigh a chosc, go háirithe trí earraí bagracha amhail airm agus pléascáin a choinneáil amach ó aerárthaí. Bhí sé ar bharr an chlár oibre ar feadh na ndeicéanna de bhlianta nuair a tháinig inní mhór ar dhaoine faoi tar éis na n-ionsaithe sceimhlitheoireachta a rinneadh i mí Mheán Fómhair 2001. Ó shin i leith, cuireadh go mór leis an gcreat rialála sa réimse sin ar fud an domhain, ar bhonn náisiúnta, nó trí chomhar nó comhaontuithe idirnáisiúnta, nó tríd an Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta^[2] (ICAO) mar aon le hlarscríbhinn 17 a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago agus an Clár Uilíoch um Iniúchadh Slándála^[3] (USAP) atá gaolmhar leis. Chomh fada is a bhaineann sé leis an Aontas Eorpach, tá beartas iomchuí forbartha aige a thugtar cothrom le dáta go rialta chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí agus ar bhagairtí atá ag teacht chun cinn agus ar athruithe teicneolaíochta.

A BHFUIL BAINTE AMACH

I ndiaidh na n-ionsaithe sceimhlitheoireachta a rinneadh i mí Mheán Fómhair 2001, glacadh Rialachán (CE) Uimh. 2320/2002^[4] chun an eitlíocht shibhialta a chosaint agus

[1]Baineann an tsábháilteacht eitlíochta le dearadh, monarú, cothabháil agus úsáid aerárthaí (3.4.9).

[2]Is í an Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO) an ghníomhaireacht speisialaithe de chuid na Náisiún Aontaithe a bunaíodh leis an gCoinbhinsiún um Eitlíocht Shibhialta Idirnáisiúnta (ar a dtugtar Coinbhinsiún Chicago freisin), a síníodh an 7 Nollaig 1944 agus ar páirtithe conarthacha 191 Stát ann faoi láthair. Leagtar síos in ICAO go háirithe na 'caighdeáin agus cleachtais inmholta' atá le cur i bhfeidhm ag na Stáit Chonarthaigh, ach ní ann d'aon sásra ceangailteach chun a gcur i bhfeidhm cuí a ráthú.

[3]Leagtar síos in ICAO le h-ádh na ghabhann le Coinbhinsiún Chicago na caighdeáin agus na cleachtais inmholta chun slándáil an aeriompair idirnáisiúnta a chosaint. Seoladh an Clár Uilíoch um Iniúchadh Slándála (USAP) in 2002 chun faireachán a dhéanamh ar cé acu atá Stáit Chonarthaigh ICAO ag comhlíonadh na gcaighdeán sin nó nach bhfuil.

[4]IO L 355, 30.12.2002, I ch. 1.



an bunús a chur ar fáil do léirmhíniú comhchoiteann na mBallstát ar larscríbhinn 17 a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago. I mí an Mhárta 2008, cuireadh Rialachán (CE) Uimh. 300/2008^[5] in ionad an rialacháin sin.

Ghlac an Pharlaimint agus an Chomhairle an rialachán sin chun na rialacha comhchoiteanna agus na bunchaighdeáin maidir leis an tslándáil eitlíochta a leagan síos, mar aon le sásraí chun faireachán a dhéanamh ar a gcomhlíonadh. Forlíontar é le sraith rialachán (bearta ginearálta lena bhforlíontar na bunchaighdeáin chomhchoiteanna, nó bearta mionsonraithe a bhfuil gá leo chun na caighdeáin sin a chur chun feidhme^[6]) a ghlac an Coimisiún tríd an nós imeachta coiste. Is fiú a thabhairt faoi deara nach bhfoilsítear na rialacha cur chun feidhme ina bhfuil 'faisnéis slándála íogair'. Tá creat rialála AE bunaithe ar chaighdeáin chomhchoiteanna cheangailteacha agus ar na bunphrionsabail seo a leanas:

- Is iad na Ballstáit atá freagrach as slándáil na n-eitiltí a imíonn óna gcríoch ('freagracht an bhallstáit óstaigh', mar a leagtar síos in ICAO).
- Ní mór na paisinéirí, an fhoireann agus an bagáiste ar fad a scrúdú roimh an mbordáil. Ní mór lastas, post, agus soláthairtí eitilte a scrúdú freisin sula gcuirfead ar bord iad, seachas má bhí siad faoi réir rialuithe slándála iomchuí cheana féin.
- Forchoimeádan na Ballstáit an ceart bearta slándála níos déine a chur i bhfeidhm má mheasann siad go bhfuil gá leo.

I gcreat rialála AE cumhdaítear na gnéithe ar fad de shlabhra an aeriompair a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do shlándáil an aerárthaigh agus/nó an bhonneagair. Ina measc tá: an t-aerfort, na haerárthaí, na paisinéirí, an bagáiste, an lastas, soláthairtí aerfoirt agus eitilte, an fhoireann agus trealamh slándála. Tá feidhm ag rialacha AE maidir le gach aerfort san Aontas atá ar oscailt don eitlíocht shibhialta, maidir le gach oibreoir a chuireann seirbhísí ar fáil sna haerfoirt sin, lena n-áirítear aeriompróirí, agus maidir le gach oibreoir eile 'a chuireann caighdeáin slándála eitlíochta i bhfeidhm' agus a chuireann earraí nó seirbhísí ar fáil do na haerfoirt sin, nó trí na haerfoirt sin^[7]. Mar sin féin, féadfar na caighdeáin slándála a chuirtear i bhfeidhm a chur in oiriúint don aerárthach/oibríocht/trácht lena mbaineann.

Sa chomhthéacs sin, ainmníonn gach Ballstát údarás aonair a bheidh freagrach as cur chun feidhme an dlí slándála eitlíochta a chomhordú agus faireachán a dhéanamh air, agus dréachtaíonn sé 'clár náisiúnta um shlándáil na heitlíochta sibhialta' (ina leagtar síos ról agus oibleagáidí na n-oibreoirí ar fad lena mbaineann) agus cuireann sé chun feidhme é. Ina theannta sin, déanann na Ballstáit 'clár náisiúnta um rialú cáilíochta' a bhunú agus a chur chun feidhme (chun a mhéid atá oibreoirí ag comhlíonadh na gceanglas a chinneadh agus bearta a dhéanamh chun easnaimh a chur ina gceart), forchuireann siad pionóis i gcás sáruithe, agus oibríonn siad i gcomhar leis an gCoimisiún nuair a dhéanann sé cigireachtaí chun faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh rialacha AE maidir leis an tslándáil eitlíochta. Ní mór do na hoibreoirí lena mbaineann 'clár slándála' a dhréachtú agus a chur chun feidhme chun dlí AE agus

[5] IO L 97, 9.4.2008, Ich. 72.

[6] Comhdhlúitear na bearta mionsonraithe maidir le cur chun feidhme na mbunchaighdeán comhchoiteann i Rialachán (AE) 2015/1998.

[7] Tá feidhm ag rialacha slándála eitlíochta AE maidir leis an Iorua, an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Eilvéis freisin.



'clár náisiúnta um shlándáil na heitlíochta sibhialta' an Bhallstáit ina bhfuil siad lonnaithe a chomhlíonadh. Déanann an Coimisiún cigireachtaí gan choinne ar aerfoirt agus oibreoirí, i gcomhar leis na húdaráis náisiúnta a bhfuil an tslándáil eitlíochta de chúram orthu (déantar cigireacht ar na húdaráis sin freisin), chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme dhlí AE.

Ó mhí Iúil 2014, ní mór do na haeriompróirí a bhfuil sé ar intinn acu lastas a eitilt isteach in AE ó aerfort atá lasmuigh de AE 'clár ACC3' a chomhlíonadh chun a chinntiú go ndéanfar scrúdú ar an lastas sin i gcomhréir le caighdeáin AE. I dtaca leis sin, is iad údaráis inniúla na mBallstát lena mbaineann a dhéanann na seiceálacha ar an láthair ag aerfoirt de chuid tríú tíortha, i gcás inarb iomchuí.

Chun an t-aeriompar a éascú, féadfaidh an Coimisiún aitheantas comhionann a thabhairt do na caighdeáin slándála eitlíochta atá i bhfeidhm i dtríú tíortha, mar atá faoi láthair i gcás Stáit Aontaithe Mheiriceá, Cheanada agus roinnt tíortha Eorpacha nach cuid de AE iad. Sa bhreis air sin, ó mhí an Mheitheamh 2012 tugann AE agus SAM aitheantas do chórais slándála aerlastais a chéile, cé acu a iompraítear an lastas ar eitiltí lánlastais nó ar eitiltí paisinéirí. Dá bhrí sin, ní gá d'aeriompróirí a iompraíonn lastas idir AE agus SAM aon cheanglas breise de chuid AE nó SAM a chur i bhfeidhm.

Faoin gcreat rialála atá ann faoi láthair is faoi na Ballstáit atá sé cinneadh a dhéanamh faoin gcaoi a gcumhdófar costais na slándála eitlíochta. In 2009, d'ullmhaigh an Coimisiún togra le haghaidh treorach chun a chinntiú go gcuirfí na príomhphrionsabail amhail ábharthacht costas agus neamh-idirdhealú idir iompróirí agus paisinéirí i bhfeidhm^[8]. Níor glacadh seasamh sa togra sin, áfach, maidir leis an mbuncheist cé acu ar cheart úsáid a bhaint as prionsabal an mhaoinithe phoiblí nó as an bprionsabal 'íoc mar a úsáidtear', agus fágadh faoi phrionsabal na coimhdeachta é cinneadh a dhéanamh cé a d'íocfadh as an tslándáil. D'uireasa fhorghéara an reachtóra, tharraing an Coimisiún an togra siar in 2015.

RÓL PHARLAIMINT NA HEORPA

Bhí Parlaimint na hEorpa i gcónaí den tuairm go bhfuil slándáil na heitlíochta sibhialta ar cheann de phríomhábhair inní AE, agus thacaigh sí le córas dian agus éifeachtach a bhunú chun aon ionsaí sceimhlitheoireachta a chosc agus a sheachaint. Ar an gcaoi sin, tá béim leagtha ag an bParlaimint freisin ar an tábhacht atá ag baint le cearta bunúsacha na saoránach agus ar an ngá atá le coimircí láidre agus leormhaithe, anuas ar na bearta a dhéantar chun feabhas a chur ar an tslándáil eitlíochta, atá dírithe ar phríobháideachas, dínit phearsanta agus sláinte na saoránach a chosaint.

Sa rún uaithi an 23 Deireadh Fómhair 2008, mar shampla, chuir an Parlaimint iallach ar an gCoimisiún togra maidir le scanóirí coirp a tharraingt siar agus a athrú, agus sa tuarascáil uaithi an 1 Meitheamh 2011 d'iarr sí go mbeadh toirmeasc ar aon chineál teicneolaíochta ina n-úsáidtear radaíocht ianúcháin a úsáid sna scrúduithe slándála, agus mhol sí nach n-úsáidfí ach duine cipíneach agus nár cheart na sonraí lena

[8] [COM\(2009\) 0217](#).



mbaineann a stóráil ná a shábháil. Tá an reachtaíocht maidir le scanóirí coirp a glacadh i mí na Samhna 2011^[9] i gcomhréir leis na critéir sin.

Go ginearálta, tá an Pharlaimint den tuairim nach iomchuí an nós imeachta coiste a úsáid in earnáil na slándála eitlíochta, ar a laghad i gcás na mbeart a bhfuil tionchar acu ar chearta na saoránach. Dá bhrí sin, sa tuarascáil uaithi i mí an Mheithimh 2011, d'iarr an Pharlaimint go mbeadh sí lánpháirteach tríd an gcomhchinnteoireacht (ní hamhlaidh atá fós, áfach).

Maidir le maoiniú na mbeart slándála, tá an Pharlaimint den tuairim nár cheart go gcuirfí ach costais slándála san áireamh sna muirir shlándála agus gur cheart do na Ballstáit a chuireann na bearta atá níos déine i bhfeidhm na costais bhreise lena mbaineann a iompar.

Cinntí gaolmhara ó Pharlaimint na hEorpa:

- Rún an 23 Deireadh Fómhair 2008 maidir le tionchar na mbeart slándála eitlíochta agus na scanóirí slándála ar chearta an duine, ar an bpríobháideachas, ar an dínit phearsanta agus ar an gcosaint sonraí^[10];
- Rún reachtach an 5 Bealtaine 2010 maidir leis an togra le haghaidh treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le muirir slándála eitlíochta^[11];
- Rún an 6 Iúil 2011 maidir leis an tslándáil eitlíochta, agus béim ar leith ar scanóirí slándála^[12].

Esteban Coito
05/2019

[9] Rialachán (AE) Uimh. 1141/2011 ón gCoimisiún (IO L 293, 11.11.2011) agus Rialachán Uimh. 1147/2011 ón gCoimisiún (IO L 294, 12.11.2011).

[10] IO C 15 E, 21.1.2010, lch. 71.

[11] IO C 81 E, 15.3.2011, lch. 164.

[12] IO C 33 E, 5.2.2013, lch. 125.

